



CPVO • OCVV

Community Plant Variety Office
Office Communautaire des Variétés Végétales

FOGRA FOLUNTAIS

Tagairt: CPVO/2020/TA/01

Post oscailte: Nós imeachta roghnúcháin don phost TF — forbróirí, ailtirí agus riarthóirí Néil (AD6).

Clár ábhair

1.	CPVO	2
2.	An post	2
2.1.	Próifííl	2
2.2.	Dualgais.....	2
3.	Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn	3
3.1.	Ceanglais fhoirmiúla	3
3.2.	Critéir roghnúcháin	3
3.2.1.	Riachtanach	4
3.2.2.	Buntáisteach	4
4.	Nós imeachta roghnúcháin	4
5.	Coinníollacha fostaíochta	5
6.	Saoirse agus dearbhuithe leasa	6
7.	Comhdheiseanna	6
8.	An dáta deiridh le hiarratais a chur isteach: 2020/02/28	6
9.	Dáta tosaithe: a luaithe is féidir	6
10.	Athbhreithniú – Achomhairc –Gearáin	6
10.1.	Iarrataí ar thuilleadh faisnéise nó ar athbhreithniú	6
10.2.	Nósanna imeachta achomhairc.....	6
10.3.	Gearáin a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach	7
11.	Sonraí pearsanta a chosaint	7

1. CPVO

Gníomhaireacht neamhspleách de chuid AE is ea an Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí a bunaíodh faoi Rialachán (CE) Uimh. 94/2100 ón gComhairle ar an 27 Iúil 1994. Tá CPVO freagrach as bainistiú a dhéanamh ar Chóras Ceart an Chomhphobail um Chineálacha Plandaí. Faoin gcóras sin, tugtar cosaint trí cheart maoiné intleachtúla do chineálacha nua plandaí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Is é an misean atá ag CPVO an nuálaíocht a chothú maidir le cineálacha plandaí trí phróiseáil ardchaighdeáin a dhéanamh ar iarratais ar chearta Comhphobail i dtaobh cineálacha plandaí, ar phraghas réasúnta, agus treoir bheartais agus cúnamh a thabhairt i ndáil le feidhmiú na gceart sin ar mhaithe le páirtithe leasmhara.

Féach suíomh gréasáin CPVO le haghaidh tuilleadh faisnéise: www.cpvo.europa.eu

Tá gairm ar léiriú spéise á heagrú ag CPVO d'fhonn liosta cúlta a bhunú.

2. An post

Is mian le CPVO roinnt gníomhairí sealadacha ardspreagtha, dírithe ar an bhfoireann agus dea-cháilithe a earcú, ar daoine iad, faoi údarás Cheann na hEarnála TF, a chuirfidh forbairt tionscadal TF don CPVO sa néal chun feidhme. Ní mór do na gníomhairí a bheith ina bhforbróirí cáilithe TF a bhfuil cúlraí acu san fhorbairt Néil, san Ailtireacht Néil nó sa Riarachán Néil.

2.1. Próifílí

Is mian le CPVO roinnt gníomhairí sealadacha ardspreagtha, dírithe ar an bhfoireann agus dea-cháilithe a earcú, ar daoine iad, faoi údarás Cheann na hEarnála TF, a chuirfidh forbairt tionscadal TF don CPVO sa néal chun feidhme. Ní mór do na gníomhairí a bheith ina bhforbróirí cáilithe TF a bhfuil cúlraí acu san fhorbairt Néil, san Ailtireacht Néil nó sa Riarachán Néil.

2.2. Dualgais

Is iad seo a leanas príomhchúraimí na ngníomhairí, ag brath ar na próifílí:

Beidh na **Forbróirí Néil** dírithe ar nuálaíocht agus ar fheidhmiúlachtaí breisluacha do chustaiméirí agus comhpháirtithe CPVO. Déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Forbairtí leanúnacha agus comhtháthú leanúnach a áirithiú, trí úsáid a bhaint as seirbhísí agus teicneolaíochtaí néaldúchasacha (micrisheirbhísí, APInna, teangacha ríomhchláraithe Néil, ...);
- Gníomhú mar chomhairleoir seirbhísí gnó agus iarrataí ó úsáideoirí a bhainistiú;
- Úsáid agus tairbhí a bhaint as seirbhísí éagsúla néil chun feidhmiúlachtaí breisluacha a fhorbairt;
- Bainistiú tionscadail de thionscadail nua TF a áirithiú, seachfhoinsitheoirí agus conraitheoirí tríú páirtí a stiúradh;
- Slándáil agus gnéithe príobháideachais a bhainistiú (gnéithe a bhaineann le Cosaint Sonraí).

Déanfaidh **Ailtirí Néil** an ailtireacht feidhmchlár a bhainistiú chomh maith le seirbhísí agus cumais Néil don CPVO agus cuirfidh siad nuálaíocht Néil chun cinn agus í a chumasú (uathobriú, sonraí cliste...)

Déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Réitigh néil agus saineolas ailtireachta a chur ar fail;
- Éabhlóid feidhmiúil na gcóras CPVO a shainiú;
- A áirithiú go mbaintear amach spriocanna ailtireachta;
- Taithí a fháil ar fheidhmeanna néaldúchasacha agus cúraimí bainistíochta laethúla a dhéanamh;

- Punanna solúbtha teicneolaíochta a dheardh chun coinneáil cothrom le dáta le caighdeáin nuálaíochta agus teicneolaíochta.

Riarthóirí Néil: déanfaidh siad comhpháirteanna Néil a chruthú, a chumrú, a úsáid agus a riar (amhail líonrú agus slándáil Néil, aisíocaíocht, uirlisí bainistíochta oibríochtúla a bhaineann go sonrach le Néal...)

Déanfaidh siad an méid seo a leanas:

- Riachtanais slándála a chinneadh agus comhairle a chur ar fáil orthu, caighdeáin, beartais agus nósanna imeachta slándála néil a ullmhú;
- Athruithe sa tírdhreach néil a dheardh agus maoirseacht a dhéanamh orthu (ó thaobh na teicneolaíochta de);
- Bheith i gceannas maidir le suiteáil, cumraíocht, cúltaca/athshlánú, bunachair sonraí agus tiúnadh feidhmchlár,... agus tacú le feidhmchláir a dheardh agus a fhorbairt;
- Bainistiú a dhéanamh ar straitéisí imirce sonraí agus ar chásanna imirce néil.

3. Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

3.1. Ceanglais fhoirmiúla

Chun a bheith incháilithe lena roghnú, ní mór go gcomhlíonfaidh iarratasóir, faoi dháta deiridh na gairme seo, na ceanglais fhoirmiúla seo a leanas:

- Staidéar ollscoile críochnaithe de 3 bliana ar a laghad atá fianaithe le dioplóma atá ábhartha don phost;
- Taithí 3 bliana ar a laghad ar ábhair a bhaineann le teicneolaíochtaí faisnéise;
- a bheith ina náisiúnach de Bhallstát AE¹;
- Ceann amháin de theangacha an Aontais Eorpaigh² a bheith ar a thoil nó a toil aige nó aici, agus eolas sásúil a bheith aige nó aici ar cheann eile;
- a bheith i dteideal cearta iomlána mar shaoránach³;
- aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige nó aici;
- a bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh⁴.

3.2. Critéir roghnúcháin

Má chomhlíonann an t-iarrthóir na riachtanais fhoirmiúla atá leagtha amach thuas, déanfar measúnú air/uirthi ar bhonn na gcritéar seo a leanas lena roghnú le haghaidh agallaimh agus trialacha scríofa:

¹ Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Ostair, an Ríocht Aontaithe, an Rómáin, Poblacht na Seice, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn agus an Ungáir.

² An Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóvaicis, an tSlóivéinis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

³ Sula gceapfar é nó í, iarrfar ar an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi sliocht as comhad ciontuithe an té sin a chur ar fáil

⁴ Sula gceapfar é nó í, ní mór don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh duine d'oifigigh leighis na n-institiúidí ionas go mbeidh CPVO deimhin go gcomhlíonann sé nó sí ceanglas Airteagal 82 pointe 3(d) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach

3.2.1. Riachtanach

- Na cáilíochtaí acadúla agus a ábhartha atá siad do na cúraimí atá liostaithe thuas i gcuid 2 (An post).
- Leibhéal na taithí atá ábhartha don phost,
- An cumas oibriú i mBéarla,
- An cumas oibriú go héifeachtach i bhfoirne.

3.2.2. Buntáisteach

- An cumas cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach in aon teanga eile de chuid an Chomhphobail, mar atá léirithe san fhoirm iarratais
- Inniúlachtaí teicniúla
 - Prionsabail DevOps & Leanúnacha comhtháthaithe (modhanna Agile, tógáil uathoibríoch, imscaradh coimeádán, ...);
 - Teicneolaíochtaí & prionsabail forbartha Néil: JavaScript, React, Angular, PHP, Java, seirbhísí Néalghréasáin agus APIanna;
 - Bunanna agus próisis Dearbhaithe Cáilíochta;
 - Tuiscint agus eolas forleathan ar thairiscintí Néil: faisnéis ar sheirbhísí néil, ar na tairbhí a bhaineann leo agus ar chásanna úsáide a bhaineann le sreabhadh oibre Néil, ailtireacht micrisheirbhísí, slándáil an & comhlíonadh Néil, éifeachtúlacht néil;
 - Tuiscint ar mhodheolaíochtaí, ailtireacht, creataí agus feidhmeanna néil agus ar riarachán réiteach SaaS;
 - Bainistiú bunachar sonraí Néil: beartais chúlta/aathshlánaithe, ceistanna slándála & slándála/ceannais sonraí, optamú fiosrúchán, stóráil/cartlannú fadtéarmach, bainistiú buiséad.

4. Nós imeachta roghnúcháin

Áirítear na céimeanna seo a leanas leis an nós imeachta roghnúcháin:

- Ní dhéanfar a bhreithniú ach iarratais atá comhlánaithe go cuí, a chuirfear isteach go leictreonach roimh an dáta deiridh;
- Déanfar gach iarratas atá comhlánaithe go cuí a scrúdú d'fhonn a chinneadh go gcomhlíonann an t-iarrthóir na critéir cháilitheachta go léir;
- Déanfaidh an Coiste Roghnúcháin ainmnithe measúnú ar na hiarratais incháilithe ar bhonn na gcritéir roghnúcháin a shonraítear san fhógra folúntais seo. Ag brath ar líon na n-iarratas a gheofar, féadfaidh an Coiste Roghnúcháin ceanglais níos déine a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin a luadh thuas;
- Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí incháilithe is fearr freastal ar agallamh agus ar scrúduithe scríofa;
- s i mBéarla a dhéanfar na hagallaimh agus na tástálacha scríofa;
- Beidh ar na hiarrthóirí dul faoi scrúdú scríofa chun tástáil a dhéanamh ar eolas a bhaineann go sonrach leis an bpost, agus faoi scrúdú ar ríomhaire chun scileanna ginearálta a thástáil;
- I rith na n-agallamh, scrúdóidh an Coiste Roghnúcháin próifílí na n-iarrthóirí agus déanfaidh sé measúnú ar a ábhartha atá siad i leith an phoist atá i gceist;
- Ar lá na n-agallamh, iarrfar ar na hiarrthóirí bunchóipeanna agus cóipeanna a chur i láthair de na doiciméid ina sonraítear saoránacht, staidéar agus taithí ghairmiúil, go háirithe:

- cóip de chárta aitheantais, pas, nó doiciméad oifigiúil eile ina sonraítear saoránacht;
- cóip de dhiplómaí ina ndéantar deimhniú ar an leibhéal cáilíochtaí acadúla atá de dhíth;
- fianaise dhoiciméadach ar thaithí ghairmiúil, ina léirítear go soiléir na dátaí tosaigh agus deiridh.

Coinneoidh CPVO cóipeanna de na doiciméid sin.

- Más rud é go n-aimseofar ag céim ar bith den nós imeachta gur falsaíodh go feasach an fhaisnéis a tugadh san iarratas, dícháileofar an t-iarrthóir ón bpróiseas roghnúcháin;
- Cuirfear na hiarrthóirí a n-éireoidh leo ar liosta cúlta a bheidh bailí go ceann 24 mí. Féadfar síneadh ama a chur le bailíocht an liosta sin. Cuirfear in iúl do gach iarrthóir, i litir, cibé acu ar cuireadh é nó í ar an liosta cúlta nó nár cuireadh. Ní fhágann iarrthóirí a bheith ar an liosta cúlta gur cinnte go ndéanfar iad a earcú, áfach;
- Ceapfaidh Uachtarán CPVO an t-iarrthóir roghnaithe ón liosta ionadaithe, ag cur san áireamh go bhfuil sé ina chuspóir cothromaíocht inscne a bheith san eagraíocht mar aon le héagsúlacht i dtaobh thíortha dúchais na n-oibrithe.

Is faoi rún a dhéantar nósanna imeachta inmheánacha an Choiste Roghnúcháin a reáchtáil agus tá dianchosc ar theagmháil ar bith lena chuid ball. Féadfar iarrthóir a dhícháiliú láithreach má dhéantar canbhásáil ar a shon nó ar a son.

Ionas gur bailí iad na hiarratais, ní mór iad a chur isteach trí ríomhthairseach earcaíochta CPVO, atá ar shuíomh gréasáin CPVO: <http://www.cpvo.europa.eu/main/en/home/about-the-cpvo/vacancies>

Iarrtar ar na hiarratasóirí gan aon doiciméid tacaíochta a chur i gceangal leis an iarratas ag an gcéim seo, e.g. cóipeanna de chártaí aitheantais, diplómaí, fianaise ar thaithí ghairmiúil roimhe seo, etc. Ní iarrfar ar iarrthóirí cóipeanna de na doiciméid sin a chur i láthair lena bhfíorú ach amháin ina gcás siúd a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. Ní sheolfar na hiarratais ar ais chuig na hiarrthóirí, ach coinneoidh CPVO ar taifead iad i gcomhréir lena threoirínte cosanta sonraí.

Déanfar iarratais neamhiomlána a eisiáimh ón nós imeachta roghnúcháin sa ghnáthchúrsa.

Tabhair faoi deara go bhféadfadh roinnt seachtainí a bheith i gceist leis an tréimhse idir an dáta deiridh i leith iarratais a chur isteach agus deireadh an phróisis chun iarrthóirí a chur ar an ngearrliosta don agallamh.

Is iad na hiarrthóirí a mheastar is oiriúnaí ar bhonn na gcrítéar atá liostaithe i bpointe 4 thuas a chuirfear ar an liosta cúlta.

5. Coinníollacha fostaíochta

Is é Angers na Fraince an áit fostaíochta. Ar chúiseanna a bhaineann le ceanglais oibríochta CPVO, beifear ag súil go mbeidh an t-iarrthóir a roghnófar ar fáil ar gearrfhógra. Tairgfear Conradh in AD6 faoi Alt 2f de 3a de bhun Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, faoi réir thréimhse phromhaidh a mhairfidh naoi mí. Ceithre bliana is ea fad an chonartha agus féadfar é a athnuachan uair amháin ar a mhéid ar feadh tréimhse shocraithe. Is ar feadh tréimhse éiginnte a dhéanfar athnuachan ar bith ina dhiaidh sin.

Tá pá an Ghníomhaire Shealadaigh comhdhéanta den bhunluach saothair agus de liúntais eile a bheidh ag brath ar chúinsí pearsanta an tsealbhóra poist. Mar eolas, tá an bun-olltuarastal íosta faoi láthair i gcás AD6, roimh asbhaintí agus an chomhéifeacht ceartaithe ualaithe de 117,7 don Fhrainc, ag tosú thart ar EUR 5 524,91. D'fhéadfadh an grád is infheidhme agus an buntuarastal comhlán a bheith níos airde ag brath ar fhad taithe an iarrthóra a roghnófar. Tá na tuarastail faoi réir cánach ag an bhfoinse ach tá siad díolmhaithe ó cháin náisiúnta. Déantar asbhaintí freisin i ndáil le hárachas iachta, pinsean agus árachas dífhostaíochta.

Beidh an té a cheapfar ag obair i dtimpeallacht ilchultúrtha ina meastar gur ríthábhachtach an rud é an plé sóisialta idir an lucht bainistíochta agus an fhoireann. Tá CPVO lánríomhairithe agus bíonn an t-am oibre bunaithe ar fhleisc-am agus ar uaireanta oibre lánacha. Maireann an ghnáthsheachtain oibre 40 uair an chloig.

6. Saoirse agus dearbhuithe leasa

Ceanglófar ar an té a cheapfar gealltanais a thabhairt go ngníomhóidh sé nó sí go neamhspleách le leas an phobail agus dearbhuithe iomlána a thabhairt maidir le leas díreach nó leas indíreach ar bith a d'fhéadfaí a mheas a bheith dochrach dá neamhspleáchas. Ní mór do na hiarrthóirí a dheimhniú ina n-iarratas go bhfuil siad toilteanach ina thaobh sin.

7. Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheise é CPVO agus glacann sé le hiarratais gan idirdhealú a dhéanamh atá bunaithe ar inscne, tionscnamh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, aois nó claonadh gnéis, stádas pósta nó stádas teaghlai. Tabharfar an deis chéanna do gach iarratasóir ar nósanna imeachta roghnúcháin a gcuid cumas a léiriú. Déantar na baill foirne a earcú ar an mbonn geografaíochta is leithne is féidir as measc náisiúnaigh Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh.

8. An dáta deiridh le hiarratais a chur isteach: 2020/02/28

9. Dáta tosaithe: a luaithe is féidir

10. Athbhreithniú – Achomhairc –Gearáin

I gcás iarratasóirí a mheasann go bhfuil cúis ghearáin acu i ndáil le cinneadh ar leith, féadfaidh siad, tráth ar bith le linn an nós imeachta roghnúcháin, tuilleadh sonraí maidir leis an gcinneadh sin a iarraidh ar Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach. Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil na himeachtaí go léir faoi rún. Má mheasann iarrthóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh faoi leith dochar dá leasanna, is féidir leo tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

10.1. Iarrataí ar thuilleadh faisnéise nó ar athbhreithniú

Seol litir, ag iarraidh faisnéis bhreise nó athbhreithniú agus ag sonrú do cháis, chuig:

Community Plant Variety Office

Faoi bhráid: Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin

CPVO/2020/TA/01

3 Boulevard du Maréchal Foch

CS 10121

F-49101 Angers CEDEX 2

laistigh de mhí tar éis fógra a bheith tugtha duit faoin gcinneadh i ndáil leis an nós imeachta roghnúcháin. Seolfaidh an Bord Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir agus laistigh d'aon mhí amháin.

10.2. Nósanna imeachta achomhairc

Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

Community Plant Variety Office**Faoi bhráid: Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin****CPVO/2020/TA/01****3 Boulevard du Maréchal Foch****CS 10121****F-49101 Angers CEDEX 2**

Cuirtear tús le rith na tréimhse chun nós imeachta den sórt sin a thionscnamh (féach na Rialacháin Foirne arna leasú go deireanach le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ón gComhairle (IO L 287 an 29 Deireadh Fómhair 2013, Ich. 15 – <http://www.europa.eu/eur-lex>) ón uair a chuirfear iarratasóirí ar an eolas faoin ngníomh a líomhnaítear a rinne dochar dá gcuid leasanna.

Tabhair faoi deara nach bhfuil an tÚdarás Ceapacháin inniúil i dtaobh cinntí Boird Roghnúcháin a athrú. Is é tuairim sheasta na Cúirte é nach bhfuil an rogha leathan atá ag an mBord Roghnúcháin faoi réir athbheithniú ag an gCúirt mura rud é gur léir go ndearnadh sárú ar na rialacha lena rialaítear imeachtaí an Bhoird Roghnúcháin.

10.3. Gearáin a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach

faoi alt 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos i gCinneadh 94/262/ECSC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Bealtaine 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (IO L 113 an 4 Bealtaine 1994, Ich. 15) arna leasú ag na cinntí uaithe an 14 Márta 2002 (IO L 92 an 9 Aibreán 2002, Ich. 13) agus an 18 Meitheamh 2008 (IO L 189 an 17 Iúil 2008, Ich. 25), Amhail gach saoránach den Aontas Eorpach, féadfaidh iarratasóirí gearán a dhéanamh le:

European Ombudsman**1, Avenue du president Robert Schuman - BP 403****F-67001 Strasbourg CEDEX**

Tabhair faoi deara nach mbeidh aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a chuirfear isteach chuig an Ombudsman ar an tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin agus achomhairc a dhéanamh chuig an mBinse um Sheirbhís Shibhialta faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair faoi deara freisin le do thoil nach mór go ndearnadh na cineálacha cur chuige cuí leis na hinstiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfar gearán ar bith leis an Ombudsman de réir Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman.

11. Sonraí pearsanta a chosaint

Áiritheoidh an Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go ndéantar sonraí pearsanta iarratasóirí a phróiseáil mar atá éilithe le Rialachán (CE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 ar chosaint dhaoine aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag instiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 45/2001 agus Cinneadh Uimh 1247/2002/CE. Tá feidhm shonrach aige sin maidir le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach an ráiteas príobháideachais maidir le ríomhearcaíocht atá ar fáil ar láithreán gréasáin CPVO.